An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

# Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn

## Tuarascáil Bhliantúil 2021




www.blueblindfold.gov.ie

# Clár

RÉAMHRÁ AGUS ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN ........ 2
1. MÍNIÚ AR GHÁINNEÁIL AR DHAOINE ........ 5
CÉARD IS GAINNEÁIL AR DHAOINE? ........ 5
CÉN FÁTH A dTARLAÍONN GÁINNEÁIL AR DHAOINE AGUS CÁ hÁIT A dTARLAÍONN SÍ? ...... 6
SMUIGLÉAIL DAOINE VS. GÁINNEÁIL AR DHAOINE ........ 7
2. MÉID NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE IN ÉIRINN ........ 8
FORLÉARGAS AR 2021 ........ 8
SONRAÍ 2017-2021 ........ 10
3. MÉID NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE SAN EORAIP ........ 13
4. FREAGAIRT NA hÉIREANN I LEITH NA GÁINNEÁLA  AR DHAOINE ........ 15
DLÍ IDIRNÁISIÚNTA ........ 15
AN CREAT DLÍTHIÚIL IN ÉIRINN ........ 15
TACAÍOCHTAÍ STÁIT D'ÍOSPARTAIGH ........ 16
COIR NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE A CHOMHRAC........ 19
PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA NÁISIÚNTA ........ 19
5. MEASÚNUITHE AGUS COMHOIBRIÚ IDIRNÁISIÚNTA........ 20
TUARASCÁIL 2021 NA STÁT AONTAITHE maidir le 'DAOINE A GHÁINNEÁIL' ........ 2
6. DUL CHUN CINN SA BHLIAIN 2021 ........ 2

# RÉAMHRÁ AGUS ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Is cúis áthais don Roinn Dlí agus Cirt an tríú tuarascáil bhliantúil déag ar Gháinneáil ar Dhaoine in Éirinn (2021) a thíolacadh, ar tuarascáil í a chlúdaíonn an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021. Comhlíonann an tuarascáil oibleagáidí tuairiscithe na hÉireann faoi Airteagal 19 de Threoir AE maidir le Gáinneáil ar Dhaoine (2011/36/EU)[1].

Seo a leanas struchtúr na tuarascála seo:

- I gCaibidil 1 tugtar sainmhíniú ar gháinneáil ar dhaoine agus tugtar míniú ar shaintréithe na gáinneála ar dhaoine
- I gCaibidil 2 tugtar staitisticí faoi íospartaigh gáinneála ar dhaoine de réir mar atá sainaitheanta ag Éirinn don bhliain 2020
- I gCaibidil 3 tugtar achoimre ar mhéid na gáinneála san Eoraip
- I gCaibidil 4 tugtar cur síos ar fhreagairt Stáit agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha na hÉireann i leith choir na gáinneála agus i leith cúram a sholáthar d'íospartaigh.
- I gCaibidil 5 dírítear ar iarrachtaí na hÉireann chun gáinneáil a chomhrac agus chun tacaíochtaí a chur ar fáil d'íospartaigh.
- I gCaibidil 6 tugtar cur síos ar ghníomhartha suntasacha agus ar dhul chun cinn suntasach a rinneadh sa bhliain 2021 maidir le cuspóirí an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta i gcoinne na gáinneála ar dhaoine a bhaint amach.

In Éirinn, shainaithin an Garda Síochána 44 íospartach a d'fhulaing gáinneáil ar dhaoine sa bhliain 2021. Ba íospartaigh dúshaothraithe ghnéasaigh iad 25 duine díobh sin, ba íospartaigh dúshaothraithe saothair iad 19 duine díobh. Níor sainaithníodh íospartach ar bith a ndearnadh gáinneáil air chun críocha coiriúlacht éigeantach agus níor sainaithníodh íospartach ar bith a bhí faoi aois. Léiríonn na figiúirí sin méadú 6 íospartach ar na 38 íospartach a tuairiscíodh i leith na bliana 2020. Mar ab amhlaidh i mblianta roimhe seo, is le dúshaothrú gnéasach a bhain formhór mór na dteagmhas gáinneála ar dhaoine a tuairiscíodh in Éirinn sa bhliain 2021.

Ach is dócha go bhfuil an líon iarbhír go mór níos airde ós rud é nach mbraitear cuid mhór íospartach. D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach staidéar staitistiúil maidir le gáinneáil ar dhaoine san Aontas Eorpach agus, sa tuarascáil sin, léiríodh go raibh 20,532 dhuine, idir fhir, mhná agus leanaí, cláraithe mar íospartaigh gháinneála san Aontas Eorpach sa tréimhse 2015-2016.

Ba sa bhliain 2021 a tharla an chéad 2 ciontú i gcionta gáinneála ar dhaoine in Éirinn. Tuigtear go maith na deacrachtaí a bhaineann le ciontuithe a fháil i gcoinne gáinneálaithe. Tá an Garda Síochána ag leanúint de roinnt cásanna a shaothrú go dian ar cásanna iad a tionscnaíodh roimh an mbliain 2021 agus chuir siad tús le caingne maidir le roinnt cásanna nua i rith na bliana 2021.

Déanann Roinn Stáit na Stát Aontaithe measúnú gach bliain ar ghníomhartha de chuid tíortha ar fud an domhain chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac. Rangaíodh Éire ag Liosta Faire Leibhéal 2 i dTuarascáil 2021 ar Gháinneáil ar Dhaoine a léiríonn nach gcomhlíonann rialtas na hÉireann go hiomlán "… íoschaighdeáin an Achta um Chosaint Íospartach Gáinneála ach go bhfuil iarrachtaí suntasacha á ndéanamh acu chun na caighdeáin sin a chomhlíonadh".

[1] 'Déanfaidh na Ballstáit na bearta riachtanacha chun rapóirtéirí náisiúnta nó sásraí coibhéiseacha a

bhunú. I measc chúraimí na sásraí sin áireofar measúnachtaí a dhéanamh ar threochtaí maidir le gáinneáil ar dhaoine, tomhas a dhéanamh ar thorthaí gníomhaíochtaí in aghaidh na gáinneála, lena n-áirítear staitisticí a bhailiú i ndlúthchomhar leis na heagraíochtaí sochaí sibhialta iomchuí atá gníomhach sa réimse seo, agus tuairisciú a dhéanamh'.

De réir an Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn a Chosc agus a Chomhrac, tugtar gealltanas go gcinnteoidh an Roinn Dlí agus Cirt go mbeidh maoiniúchán ar fáil d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) atá gníomhach i réimse na gáinneála ar dhaoine. Tríd an ngealltanas sin, tugtar aitheantas don ról atá ag Eagraíochtaí Neamhrialtasacha maidir le cabhrú le híospartaigh gáinneála ar dhaoine rochtain a fháil ar na tacaíochtaí riachtanacha chun cabhrú leo téarnamh ón uafás a d'fhulaing siad. Tá an Rialtas ag leanúint de mhaoiniú a chur ar fáil chun tacú le híospartaigh gáinneála agus le seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh. Leithdháileadh €4,104m chuig na heagraíochtaí seo in 2021 trí an Scéim Maoiniúcháin d'Íospartaigh na Coireachta agus beidh buiséad €4,889m i gceist leis in 2022

Ón mbliain 2020 i leith, tá an Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ainmnithe go hoifigiúil mar Rapóirtéir Náisiúnta neamhspleách na hÉireann i leith Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus tá an t-ainmniúchán sin á dhéanamh faoi airteagal 19 de Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gáinneáil ar Dhaoine. I measc fhreagrachtaí an Rapóirtéara Náisiúnta áireofar faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais náisiúnta i leith gáinneáil a chosc agus páirt ghníomhach a ghlacadh, ar leibhéal náisiúnta, i mbailiú sonraí maidir le gáinneáil ar dhaoine.

I mBealtaine 2021 thug an rialtas cead i leith Meicníocht Atreoraithe Náisiúnta nua a chruthú lena gcuirfí athrú bunúsach ar ár múnla chun íospartaigh a shainaithint. Leis an múnla nua seo, ní ar an nGarda Síochána amháin a bheidh freagracht as na híospartaigh a shainaithint ach ina ionad sin tabharfar róil níos lárnaí do ghníomhaireachtaí Stáit eile. Spreagfaidh an cur chuige iomlánaíoch seo níos mó íospartach teacht chun cinn agus rochtain a fháil ar na tacaíochtaí agus na cosaintí atá ar fáil agus, in am, dóthain muiníne agus féinmhuiníne a chothú chun fianaise a thabhairt in ionchúisimh choiriúla.

Chomh maith leis sin, tugadh faoi obair chun an Tríú ceann den Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn a Chosc agus a Chomhrac a dhréachtú le grúpaí oibre a cuireadh ar bun le páirtithe leasmhara Stáit agus sochaí sibhialta araon. Cuireadh an Dréachtphlean nua i láthair an Aire McEntee agus seolfar é faoi dheireadh na bliana 2022.

Tá fóram curtha ar bun ag an Roinn Dlí agus Cirt d'íospartaigh agus do pháirtithe leasmhara chun bealaí feabhsúcháin a scrúdú maidir le gáinneáil ar dhaoine. Is éard atá san fhóram ná páirtithe leasmhara eagraíochta Stáit, gníomhaireachtaí agus sochaí sibhialta a oibríonn le chéile chun tacaíochtaí a chur ar fáil d'íospartaigh gáinneála ar dhaoine le baill shaineolacha chun ábhair amhail an Mheicníocht Atreoraithe Náisiúnta, cóiríocht speisialaithe, saothair forfheidhmithe agus saincheisteanna tosaíochta eile a scrúdú.

Mhaoinigh an Roinn Dlí agus Cirt roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe leasmhara san earnáil frith-gháinneála ar dhaoine freisin, le haghaidh tionscnamh a dhírítear ar ardú feasachta agus ar oiliúint d'fhoireann túslíne, stáit, údarás áitiúil agus an tsochaí shibhialta maidir le gáinneáil ar dhaoine - na nithe ar cheart a bheith ag faire orthu, na nithe atá le déanamh, an áit a bhfaighidh tú cabhair.

Tá an Roinn ag leanúint den láithreán gréasáin ar a dtugtar 'Blue Blindfold', www.blueblindfold.gov.ie, a chothabháil, ar láithreán gréasáin é ar a soláthraítear forléargas

sothuigthe i dtaobh an bealach a dtagann an choir chun cinn in Éirinn, i dtaobh an bealach ar féidir le daoine den phobal comharthaí na gáinneála a aithint agus a thuairisciú agus i dtaobh an bealach a dtacaíonn an Stát leis na híospartaigh gáinneála sin tar éis iad a shainaithint. Nuashonraíodh suíomh Gréasáin Blue Blindfold in 2020 le comhéadan nua atá éasca le húsáid, faisnéis agus sonraí teagmhála athbhreithnithe agus nuashonraithe. Cuireadh tuilleadh faisnéise teagmhála le soláthraithe seirbhíse túslíne ENR san earnáil foréigin teaghlaigh agus ghnéasaigh. Tá an tuarascáil seo, agus na tuarascálacha a bhí ann roimhe seo faoin ábhar seo, ar fáil ar an láithreán gréasáin sin. Spreagann móitíf an 'Blue Blindfold' do dhaoine den phobal gan neamhshuim a dhéanamh de chomharthaí na gáinneála ar dhaoine.

An Roinn Dlí agus Cirt
Iúil 2022

# 1. MÍNIÚ AR GHÁINNEÁIL AR DHAOINE

## CÉARD É GAINNEÁIL AR DHAOINE

Is coir é Gáinneáil ar Dhaoine agus is sárú ar chearta an duine é. Le gur féidir staid a bheith ina staid gáinneála, ní mór trí ghné shainiúla (gníomh, modh, agus cuspóir) a bheith ann:

- Ní mór GNÍOMH earcaíochta, iompair, aistrithe, dídeanaithe nó glactha a bheith déanta ar mhaithe le ...
- Is ionann an MODH agus foréigean nó cineálacha eile comhéigin, fuadaigh, calaoise, meallta, drochúsáide cumhachta nó staide leochaileachta a bhagairt nó a úsáid, nó íocaíochtaí a thabhairt nó a ghlacadh, agus ní mór go gcuirtear i gcrích é ar mhaithe le ...
- DÚSHAOTHRÚ i.e. dúshaothrú gnéasach, dúshaothrú saothair, iarraidh déirce éigeantach, coiriúlacht éigeantach nó baint orgáin.

**Gáinneáil ar leanaí: nóta tábhachtach:**

Ní féidir le leanbh toiliú le gáinneáil a dhéanamh air nó uirthi agus, dá bhrí sin, níl feidhm ag gné an MHODHA maidir le leanaí. I gcás linbh, is leor an GNÍOMH a bhaineann le leanbh a earcú, a iompar, a aistriú, a dhídeanú nó a ghlacadh ar mhaithe le DÚSHAOTHRÚ le go mbeidh gáinneáil i gceist.

Mar an gcéanna, is annamh a bheidh gáinneáil ar dhaoine i gceist mar thoradh ar leanbh a dhúshaothrú gan gné an GHNÍMH a bheith ann, cé gur cion coiriúil eile é.



*Is annamh a bhíonn daoine den phobal i gcoitinne in ann íospartaigh gáinneála a shainaithint*

Tá na trí ghné shainiúla thuas le brath sa sainmhíniú ar gháinneáil ar dhaoine mar atá leagtha amach i **Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa faoi Bheartaíocht in aghaidh na Gáinneála ar**

**Dhaoine** agus i **bPrótacal na Náisiún Aontaithe chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar mhná agus ar leanaí a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina Leith a lena bhForlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus Treoir**:

> "Ciallóidh gáinneáil ar dhaoine daoine a earcú, a iompar, a aistriú, a dhídeanú nó a ghlacadh trí fhoréigean nó cineálacha eile nó cineálacha eile comhéigin, fuadaigh, calaoise, meallta, drochúsáide cumhachta nó staide leochaileachta a bhagairt nó a úsáid, nó íocaíochtaí a thabhairt nó a ghlacadh d'fhonn toiliú a fháil ó dhuine a bhfuil smacht aige nó aici ar dhuine eile, ar mhaithe le dúshaothrú.
>
> Folóidh dúshaothrú, ar a laghad, dúshaothrú striapachais daoine eile nó cineálacha eile dúshaothraithe ghnéasaigh, saothar éigeantach nó seirbhísí éigeantacha, sclábhaíocht nó cleachtais atá comhchosúil le sclábhaíocht, daoirse nó orgáin a bhaint."

In Éirinn, tá na sainmhínithe sin curtha san áireamh san **Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008** agus san **Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) (Leasú) 2013**.

## CÉN FÁTH A dTARLAÍONN GÁINNEÁIL AR DHAOINE AGUS CÁ hÁIT A dTARLAÍONN SÍ

Is coir ardbhrabúis-ísealriosca í an gháinneáil ar dhaoine agus í bunaithe ar phrionsabail an tsoláthair agus an éilimh. Déanann líonraí nó daoine coiriúla teacht i dtír ar shraith nithe ar a dtugtar 'brúigh agus tarraing' agus míníonn sé sin an chúis go dtarlaíonn sé go mbíonn daoine leochaileacha nach bhfuil deiseanna acu agus a bhfuil dálaí maireachtála uathu ina dtír féin nó i dtír iasachta gafa mar chuid de shlabhra gáinneála ar dhaoine. Is é an méid sin, mar aon leis an éileamh ar shaorshaothar agus ar sheirbhísí gnéasacha, a chothaíonn an gháinneáil ar dhaoine.



*Is fachtóir riosca é an bhochtaineacht i dtaca le daoine teacht chun bheith ina n-ábhar gáinneála.*


Is féidir daoine a gháinneáil isteach i gcineálacha éagsúla oibre san earnáil talmhaíochta, san earnáil mhonaraíochta agus sa tionscal seirbhíse. D'fhéadfadh obair bhialainne agus óstáin, obair tí, agus obair i réimsí na tógála, na talmhaíochta agus na siamsaíochta a bheith i gceist leis sin. Is féidir daoine a gháinneáil isteach i saol an striapachais, is féidir a thabhairt orthu gabháil d'iarraidh déirce agus do choiriúlacht, lena n-áirítear trí dhrugaí neamhdhleathacha a shaothrú nó trí dhéileáil iontu.

## SMUIGLÉAIL DAOINE VS. GÁINNEÁIL AR DHAOINE

Tá sé tábhachtach an t-idirdhealú idir gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine a thabhairt do d'aire. Is é atá sa difríocht iomchuí ná gur **rud neamhthoiliúil é an gháinneáil** ach bíonn toiliú i gceist le smuigleáil daoine, is é sin, toiliú ón duine atá á smuigleáil.

An rud a gcuirtear tús leis mar smuigleáil, d'fhéadfadh sé teacht chun bheith ina staid gháinneála nuair a dhéantar duine a smuigleáladh a dhúshaothrú ina dhiaidh sin trí fhoréigean, trí chomhéigean, trí mhealladh etc. le linn na smuigleála nó dá héis.

- Is é atá i gceist le smuigleáil daoine ná éascaíocht a dhéanamh, ar mhodh neamhdhleathach, i leith imircigh a bheith ag teacht isteach i Stát agus, os a choinne sin, ní mór foréigean, comhéigean nó mealladh a bhagairt nó a úsáid in aghaidh íospartaigh (aosaigh) a bheith ann i dtaca le gáinneáil de.
- Trí bhíthin smuigleáil daoine, éascaítear iontráil neamhdhleathach duine isteach sa Stát ach d'fhéadfadh sé go dtiocfadh íospartaigh gáinneála isteach sa Stát ar mhodh dleathach agus ar mhodh neamhdhleathach araon.
- Ní mór go ndéantar smuigleáil daoine thar theorainneacha idirnáisiúnta ach níl aon cheanglas ann gur thrasnaigh duine teorainn le go mbeidh gáinneáil i gceist - is féidir gáinneáil a bheith ann laistigh de theorainneacha náisiúnta agus tarlaíonn sí laistigh de theorainneacha náisiúnta.
- Cé gur minic a tharlaíonn smuigleáil daoine faoi dhálaí contúirteacha nó táireacha, is é a bhíonn i gceist léi ná imircigh a thoiligh leis an smuigleáil. Maidir le híospartaigh gáinneála, níor thoiligh siad riamh nó, i gcás inar thoiligh siad ar dtús, tá an toiliú sin gan bhrí mar thoradh ar ghníomhartha comhéigin, meallta nó drochúsáide an lucht gáinneála.
- Tagann deireadh le smuigleáil daoine nuair a shroicheann na himircigh a gceann scríbe; murab ionann agus gáinneáil, níl dúshaothrú leanúnach íospartach i gceist léi.


TRAFFICKING
Legal, illegal or no border crossing
Legal or illegal documents
Documents taken (control)
Coercion and repeated exploitation
Restricted movement (control)
Commodity: an Individual
Crime against THE INDIVIDUAL
PROFITABLE BUSINESS INVOLVING HUMAN BEINGS
CRIMINAL NETWORKS
SMUGGLING
Illegal border crossing
Illegal documents (false or stolen)
Voluntary
Commodity: a service, movement
Crime against THE STATE

# 2. MÉID NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE IN ÉIRINN

**Nóta maidir le staitisticí:**

Is deacair meastachán a dhéanamh ar mhéid na gáinneála mar gheall ar an líon beag íospartach a shainaithnítear gach bliain agus mar gheall ar shaintréithe na gáinneála ar dhaoine, lena n-áirítear an rúndacht a bhaineann léi agus an forluí atá ag baint léi i dtaca le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha. De bhreis air sin, mar thoradh ar an líon measartha íseal íospartach in aon bhliain áirithe, is féidir le teagmhais aonuaire a mbíonn líon mór íospartach i gceist iontu tionchar suntasach a imirt ar na figiúirí foriomlána.

Dá bhrí sin, soláthraíonn na tuarascálacha staitistiúla atá ann sa roinn seo anailís mhionsonraithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil d'údaráis, seachas cuntas beacht a thabhairt ar mhéid an fheiniméin in Éirinn.

Glacann tuarascáil bhliantúil 2021 leis an gcur chuige a bhí ann i mblianta roimhe seo maidir le haicmiú íospartach coireanna a ionchúisíodh faoi alt 3(2) den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998 (arna leasú leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008). Ar bhonn an dea-chleachtais idirnáisiúnta, ní dhéantar na híospartaigh sin a chomhaireamh mar íospartaigh gáinneála.

## FORLÉARGAS AR 2021

Shainaithin an Garda Síochána 44 íospartach a d'fhulaing gáinneáil ar dhaoine sa bhliain 2021. Ba íospartaigh dúshaothraithe ghnéasaigh iad 25 duine díobh sin, ba íospartaigh dúshaothraithe saothair iad 19 duine díobh. Níor sainaithníodh íospartach ar bith a ndearnadh gáinneáil air chun críocha coiriúlachta éigeantaí agus níor sainaithníodh íospartach ar bith a bhí faoi aois.

**Tábla 1 An líon iomlán íospartach a sainaithníodh in Éirinn sa bhliain 2020**

| | Líon | % den Iomlán |
|---|---|---|
| **An Líon Iomlán Íospartach a Sainaithníodh** | 44 | 100% |
| **Aosaigh** | 44 | 100% |
| **Mionaoisigh** | 0 | 0% |
| | | |

Maidir le híospartaigh ar tharla an choir ina leith lasmuigh d'Éirinn, ligeadh na daoine sin isteach i gcóras na dtacaíochtaí Stáit ar a dtugtar an Córas Náisiúnta Atreorúcháin agus tugtar na seirbhísí céanna dóibh a bheadh ar fáil dá mba rud é gur tharla an choir laistigh den tír.

| Tábla 2 Tíortha Foinse | Líon | % Garbh den Iomlán |
|---|---|---|
| An Nigéir | 17 | 39% |
| An tSlóvaic | 6 | 14% |
| Gána | 5 | 11% |
| An Éigipt | 3 | 7% |
| Vítneam | 2 | 5% |
| An Rómáin | 2 | 5% |
| An Albáin | 1 | 2% |
| An Bhrasaíl | 1 | 2% |
| An Chéinia | 1 | 2% |
| An Laitvia | 1 | 2% |
| An Bhotsuáin | 1 | 2% |
| An Afraic Theas | 1 | 2% |
| An tSiombáib | 1 | 2% |
| An Phacastáin | 1 | 2% |
| Éire | 1 | 2% |
| Éire (thar lear) | 0 | 0% |
| Iomlán | 44 | 100% |

| Tábla 3 Gáinneáil de réir an Chineáil Dúshaothraithe | Líon | % den Iomlán |
|---|---|---|
| Gáinneáil ar mhaithe le dúshaothrú gnéasach | 25 | 57% |
| Gáinneáil ar mhaithe le dúshaothrú saothair | 19 | 43% |
| Gáinneáil ar mhaithe le coiriúlacht éigeantach | 0 | 0% |
| Iomlán | 44 | 100% |

# SONRAÍ 2017-2021

Sna táblaí atá ann ina dhiaidh seo, leagtar amach an líon íospartach a sainaithníodh in Éirinn le 5 bliana anuas, an cineál dúshaothraithe a rinneadh orthu agus a réigiún tionscnaimh.

## ÍOSPARTAIGH DE RÉIR BLIANA, AOISE AGUS INSCNE

I dTábla 4, déantar an líon íospartach amhrasta a shainaithin an Garda Síochána a thaispeáint de réir na bliana inar braitheadh na cásanna lena mbaineann, de réir aoise agus de réir inscne. Braitheadh 263 íospartach le 5 bliana anuas agus sainaithníodh 44 íospartach sa bhliain 2021.

**Tábla 4 Íospartaigh amhrasta de réir bliana, aoise agus inscne**

| Bliain | Aois | Mná | Fir | Trasinscne | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 2017 | Aosaigh | 42 | 30 | - | 72 |
| | Mionaoisigh | 3 | - | - | 3 |
| | Iomlán | 45 | 30 | - | 75 |
| 2018 | Aosaigh | 30 | 29 | - | 59 |
| | Mionaoisigh | 3 | 2 | - | 5 |
| | Iomlán | 33 | 31 | - | 64 |
| 2019 | Aosaigh | 31 | 2 | - | 33 |
| | Mionaoisigh | 7 | 2 | - | 9 |
| | Iomlán | 38 | 4 | - | 42 |
| 2020 | Aosaigh | 33 | 5 | - | 38 |
| | Mionaoisigh | - | - | - | - |
| | Iomlán | 33 | 5 | - | 38 |
| 2021 | Aosaigh | 28 | 16 | - | 44 |
| | Mionaoisigh | - | - | - | - |
| | Iomlán | 28 | 16 | - | 44 |
| Iomlán | Aosaigh | 164 | 82 | - | 246 |
| | Mionaoisigh | 13 | 4 | - | 17 |
| | Iomlán | 177 | 86 | - | 263 |

Le 5 bliana anuas, tá laghdú ag teacht ar an líon íospartach a bhraitear in aghaidh na bliana. Ach, i bhfianaise na líonta measartha íseal íospartach a bhraitear in Éirinn, is féidir le teagmhais aonuaire ina mbraitear líon mór íospartach in aon iarraidh amháin tionchar a imirt ar na figiúirí in aon bhliain áirithe.

Tharla athrú sa mhiondealú inscne i dtaca le híospartaigh gáinneála ar dhaoine in Éirinn sa tréimhse ó 2018 go 2021. Sa bhliain 2018, b’ionann líon na n-íospartach arbh fhir iad agus 49% agus b’ionann líon na n-íospartach ar mhná iad agus 51%. D’athraigh sé seo go suntasach in 2019

nuair nárbh fhir iad ach 6% de na híospartaigh agus ba mhná iad 94% díobh agus in 2020 nuair nárbh fhir iad ach 13% de na híospartaigh agus ba mhná iad 87% díobh. Sa bhliain 2021, b'ionann líon na n-íospartach arbh fhir iad agus 36% agus b'ionann líon na n-íospartach mná agus 64%.

## ÍOSPARTAIGH DE RÉIR RÉIGIÚIN AGUS DE RÉIR AN CHINEÁIL DÚSHAOTHRAITHE

I dTábla 5, tugtar miondealú ar na 263 íospartach gáinneála ar dhaoine de réir réigiún tionscnaimh.

**Tábla 5 Íospartaigh amhrasta de réir bliana agus réigiún tionscnaimh**

| Bliain | Réigiún Tionscnaimh | Iomlán |
|---|---|---|
| **2017** | An<br>Afraic<br>LEE<br>Meiriceá Theas<br>An Áise<br>Éire | 28<br>22<br>4<br>19<br>2 |
| **2018** | An<br>Afraic<br>LEE<br>Meiriceá Theas<br>An Áise<br>An Eoraip<br>Neamh-LEE Éire | 35<br>19<br>2<br>6<br>1<br>1 |
| **2019** | An<br>Afraic<br>LEE<br>Meiriceá Theas<br>An Áise | 31<br>8<br>1<br>2 |
| **2020** | An<br>Afraic<br>LEE<br>Meiriceá Theas<br>Meiriceá<br>Thuaidh<br>An<br>Meánoirthear<br>Eoraip Neamh-<br>LEE | 23<br>9<br>2<br>1<br>1<br>2 |
| **2021** | An<br>Afraic<br>LEE<br>An Eoraip<br>Neamh-LEE | 29<br>9<br>1<br>1<br>3 |

| | | |
|---|---|---|
| | Meiriceá Theas<br>An Áise<br>Éire | 1 |
| **Iomlán** | An<br>Afraic<br>LEE<br>Meiriceá Theas<br>Meiriceá<br>Thuaidh<br>An<br>Meánoirthear<br>An Áise<br>An Eoraip<br>Neamh-LEE Éire<br>**Iomlán** | 146<br>67<br>10<br>1<br>1<br>30<br>4<br>4<br>263 |

Le 5 bliana anuas, ba as an réigiún LEE a tháinig 25% d'íospartaigh amhrasta, as réigiún na hAfraice a tháinig 56% díobh agus as réigiún na hÁise a tháinig 11% díobh.

## ÍOSPARTAIGH DE RÉIR BLIANA, DÚSHAOTHRAITHE AGUS INSCNE

Tháinig an tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ár Dhaoine) (Leasú) 2013 i bhfeidhm i mí Lúnasa 2013 agus, leis an Acht sin, leathnaíodh an sainmhíniú ar gháinneáil ar dhaoine chun dúshaothrú duine ar mhaithe le hiarraidh déirce éigeantach agus rannpháirtíocht éigeantach i ngníomhaíochtaí coiriúla le haghaidh gnóthachan airgeadais a chur san áireamh. Roimhe sin, rinneadh na catagóirí sonracha dúshaothraithe líomhnaithe sin a thaifeadadh mar 'dúshaothrú neamhchatagóirithe' nó mar 'dúshaothrú saothair'.

I dTábla 6 thíos, taispeántar an treocht maidir le cineál an dúshaothraithe in Éirinn.

**Tábla 6 Íospartaigh de réir bliana, dúshaothraithe agus inscne**

| Bliain | An Cineál Dúshaothraithe | Mná | Fir | Trasinscne | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **2017** | Dúshaothrú Gnéasach | 28 | 3 | - | 31 |
| | Dúshaothrú Saothair | 11 | 24 | - | 35 |
| | Coiriúlacht Éigeantach | 5 | 3 | - | 8 |
| | Iarraidh Déirce Éigeantach | 1 | - | - | 1 |
| **2018** | Dúshaothrú Gnéasach | 26 | 1 | - | 27 |
| | Dúshaothrú Saothair | 7 | 28 | - | 35 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Coiriúlacht Éigeantach | - | 2 | - | 2 |
| **2019** | Dúshaothrú Gnéasach | 33 | 1 | - | 34 |
| | Dúshaothrú Saothair | 2 | 1 | - | 3 |
| | Eile* | 3 | 2 | - | 5 |
| **2020** | Dúshaothrú Gnéasach | 24 | 2 | - | 26 |
| | Dúshaothrú Saothair | 8 | 2 | - | 10 |
| | Coiriúlacht Éigeantach | 1 | 1 | - | 2 |
| **2021** | Dúshaothrú | 24 | 1 | - | 25 |
| | Gnéasach | 4 | 15 | - | 19 |
| | Dúshaothrú Saothair | | | | |
| **Iomlán** | Dúshaothrú Gnéasach | 135 | 8 | - | 143 |
| | Dúshaothrú Saothair | 32 | 70 | - | 102 |
| | Coiriúlacht Éigeantach | 6 | 6 | - | 12 |
| | Iarraidh Déirce Éigeantach | 1 | - | - | 1 |
| | Eile | 3 | 2 | - | 5 |

*Léiríonn 'Eile' meascán de choiriúlacht éigeantach agus de Dhúshaothrú Saothair agus Dúshaothrú Gnéasach

# 3. MÉID NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE SAN EORAIP

Rinne an Coimisiún Eorpach mórstaidéar staitistiúil[2] is déanaí maidir le gáinneáil ar dhaoine san Aontas Eorpach a fhoilsiú i mí na Nollag 2018. Léiríonn an staidéar sin staitisticí a tiomsaíodh ar leibhéal Bhallstáit an Aontais Eorpaigh maidir le gáinneáil ar dhaoine. I dtaca leis an bpróiseas bailithe sonraí sin, chuathas i dteagmháil le gach ceann de na 28 mBallstát agus clúdaíonn sé na blianta 2015 agus 2016 agus déantar uasdátú ar shonraí a bailíodh sa bhliain 2014 de réir mar is iomchuí.

Léiríodh sa tuarascáil sin go raibh 20,532 duine, idir fhir, mhná agus leanaí, cláraithe mar íospartaigh gáinneála san Aontas Eorpach sa tréimhse 2015-2016. Ach is dócha go bhfuil an líon iarbhír go mór níos airde ós rud é nach mbraitear cuid mhór íospartach.

Léiríonn na figiúirí gur mná agus cailíní an grúpa is leochailí i gcónaí i leith gáinneála sa mhéid gurb ionann a líon agus 68% de na híospartaigh chláraithe. Is ionann an líon leanaí, mar aicme aonair, agus 23% de na híospartaigh chláraithe.

**20,532 íospartach cláraithe** gáinneála san Aontas Eorpach sna blianta 2015 agus 2016










Is é an dúshaothrú gnéasach an cineál dúshaothraithe is coitianta agus is leis sin a bhaineann níos mó ná an leathchuid (56%) de na daoine atá cláraithe mar íospartaigh gáinneála ar dhaoine. Ba é an dúshaothrú saothair ba chuspóir do gháinneáil i gcás thart ar an gceathrú cuid (26%) de na híospartaigh chláraithe. B'ionann cineálacha 'Eile' dúshaothraithe agus 18%.

2 Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag: https://ec.europa.eu/home-affairs/sites/homeaffairs/files/what- we-do/policies/european-agenda-security/20181204_data-collection-study.pdf ; tá an bhileog eolais ar fáil ag:

https://ec.europa.eu/home-affairs/sites/homeaffairs/files/what-we- do/policies/european-agenda-security/20181204_agenda-on-security-factsheet-report- thb_en.pdf




Tá leibhéal na n-ionchúiseamh agus na gciontuithe íseal, is é sin le rá, tuairiscíodh go raibh 5,979 n-ionchúiseamh agus 2,927 gciontú ann. Níor tuairiscíodh ach 18 gciontú mar gheall ar úsáid feasach seirbhísí a bhí á soláthar ag íospartaigh.

Thug an Coimisiún dá aire gurbh amhlaidh, d'ainneoin gur bhreithnigh na saineolaithe nach raibh aon treochtaí inbhraite ann, gur thug siad cobhsaíocht leanúnach faoi deara i ndáil le sonraí ar leith e.g.: Is mná iad 95% d'íospartaigh an dúshaothraithe ghnéasaigh; baineann 75% de na hionchúisimh le gáinneáil ar ghnéas.



# 4. FREAGAIRT NA hÉIREANN I LEITH NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE

## AN DLÍ IDIRNÁISIÚNTA

Tá reachtaíocht náisiúnta na hÉireann bunaithe ar an tiomantas domhanda agus Eorpach maidir le comhrac a dhéanamh in aghaidh na gáinneála ar dhaoine. Is iad seo a leanas na príomhionstraimí idirnáisiúnta:

- **Prótacal Palermo na Náisiún Aontaithe** sa bhliain 2000: Prótacal chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina Leith, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireacht Eagraithe Trasnáisiúnta[3].
- **Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa** in aghaidh Gáinneáil ar Daoine: Coinbhinsiún de chuid Chomhairle na hEorpa sa bhliain 2005 maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine, ar coinbhinsiún é a daingníodh i mí Iúil 2010[4].
- **Treoir AE 2011/36/EU**

## AN CREAT DLÍ IN ÉIRINN



Trí reachtaíocht na hÉireann agus, chomh maith leis sin, trí bhearta riaracháin maidir le tacaíocht d'íospartaigh, cuirtear na conarthaí idirnáisiúnta sin i bhfeidhm go hiomlán.

Is iad seo a leanas na príomhionstraimí dlí in Éirinn:

- An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008[5]. Is é an tAcht sin an príomh-Acht maidir le gáinneáil agus tugtar sainmhíniú ann ar an gcoir agus ar na pionóis ina leith, cé is moite de gháinneáil ghnéasach ar leanaí. Leis an Acht, déantar coir de na gníomhartha seo a leanas: gáinneáil ar aosaigh; gáinneáil ar leanaí chun críoch seachas dúshaothrú gnéasach (rud a ndéileáiltear leis in Acht 1998 - féach anseo thíos); striapach a dhéanamh de dhuine ar a ndearnadh gáinneáil; agus íocaíocht a thabhairt i leith gnéas le duine ar a ndearnadh gáinneáil.
- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998[6]. Clúdaíonn an tAcht seo gáinneáil ar leanaí, drochúsáid gnéasach leanaí agus pornagrafaíocht leanaí. I dtaca le gáinneáil ar dhaoine de, déantar coir, leis an Acht, de gháinneáil ar leanaí ar mhaithe le dúshaothrú gnéasach.
- An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2013[7]. Le hAcht leasaitheach 2013, modhnaíodh an sainmhíniú ar Dhúshaothrú Saothair le go mbeadh sé i gcomhréir le sainmhínithe de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ar saothar éigeantach agus tugadh éifeacht do Threoir AE 2011/36/AE.

3 https://www.ohchr.org/en/professionalinterest/pages/protocoltraffickinginpersons.aspx

4 https://rm.coe.int/168008371d

5 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2008/act/8/enacted/en/print.html

6 http://www.irishstatutebook.ie/eli/1998/act/22/enacted/en/print.html

7 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2013/act/24/enacted/en/print.html

# TACAÍOCHTAÍ STÁIT D'ÍOSPARTAIGH

## ÍOSPARTAIGH A SHAINAITHINT

Féadfaidh íospartach gáinneála teacht ar chabhair ar roinnt bealaí. Féadfaidh siad teacht chun tosaigh iad féin chuig an nGarda Síochána nó chuig seirbhís eile de chuid an Stáit. D'fhéadfadh sé tarlú go dtarrthálfaidh an Garda Síochána iad le linn oibríocht phóilíneachta. Féadfaidh siad dul i dteagmháil le hEagraíocht Neamhrialtasach (a bhfaigheann cuid acu maoiniúchán ón Stát), amhail Ruhama nó Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn. Ina theannta sin, tugann na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha sin tacaíocht leanúnach d'íospartaigh gáinneála ar dhaoine. D'fhéadfadh sé tarlú freisin go dtiocfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Tusla, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, ambasáidí agus daoine den phobal ar íospartaigh freisin. Tá feasacht i measc an phobail thar a bheith tábhachtach i dtaca le híospartaigh ionchasacha gáinneála a shainaithint. Tá tuilleadh faisnéise faoi tháscairí i leith na gáinneála ar dhaoine ar fáil ar an láithreán gréasáin 'Blue Blindfold' (www.blueblindfold.gov.ie).

Déantar íospartaigh ionchasacha a tharchur chuig an nGarda Síochána le go sainaithneofar an stádas sin ina leith agus chun iad a thaifeadadh sa Mheicníocht Náisiúnta Atreorúcháin, mar a thugtar ar na tacaíochtaí Stáit.

## AN MHEICNÍOCHT NÁISIÚNTA ATREORÚCHÁIN AGUS NA STRUCHTÚIR RIARACHÁIN TACAÍOCHTA

Cuireann Éire córas íospartach-láraithe tacaíochtaí Stáit ar fáil d'íospartaigh gáinneála ar dhaoine atá sainaitheanta ag an nGarda Síochána. Tá na tacaíochtaí sin ar fáil tríd an Meicníocht Náisiúnta Atreorúcháin ar creat é trína gcomhlíonann an Stát a cuid oibleagáidí chun cearta daonna íospartaigh gáinneála a chosaint agus a chur chun cinn, agus í ag obair i gcomhar leis an tsochaí shibhialta. I measc na dtacaíochtaí sin áirítear cóiríocht, seirbhísí liachta, cúnamh dlí agus comhairle dlí, gan trácht ar thacaíochtaí eile.

I gcás nach mian le híospartaigh gáinneála, ná nach mian le daoine atá ag obair thar ceann íospartach, a bheith i dteagmháil leis an nGarda Síochána, ní thaifeadtar sa Mheicníocht Náisiúnta Atreorúcháin iad agus ní féidir leo leas a bhaint as na seirbhísí go léir a sholáthraíonn an Stát go díreach. Ach tuigeann an Roinn Dlí agus Cirt an leisce a bhíonn ar roinnt íospartach teacht chun tosaigh agus, dá bhrí sin, soláthraíonn an Roinn maoiniúchán do roinnt Eagraíochtaí Neamhrialtasacha chun tacaíocht agus seirbhísí a sholáthar d'íospartaigh lasmuigh den Mheicníocht Náisiúnta Atreorúcháin.

Rinneadh dul chun cinn maidir le feabhas a chur ar an rochtain atá ag íospartaigh ar thacaíochtaí Stáit (an Sásra Náisiúnta Tarchuir). Ar an 5 Bealtaine 2021 cheadaigh an Rialtas Meicníocht Atreoraithe Náisiúnta athbhreithnithe a fhorbairt d'fhonn íospartaigh gáinneála ar dhaoine a aithint agus tacaíochtaí a chur ar fáil dóibh. Déanfar é sin a phlé ar bhealach níos mionsonraithe i

Ag aon chéim den phróiseas, nó más náisiúnach neamh-LEE é/í an t-íospartach nach gá dó/di, i dtaca le cúrsaí imscrúdúcháin nó pearsanta de, fanacht sa Stát, éascaíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce dó/di filleadh abhaile. Reáchtálann an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce cláir a bhaineann cúnamh i ndáil le filleadh toildeonach agus ath-lánpháirtiú. Tá an cúnamh sin ar fáil d'íospartaigh gáinneála, beag beann ar a náisiúntacht, ar mian leo filleadh abhaile go deonach ach nach bhfuil na hacmhainní acu, lena n-áirítear na doiciméid riachtanacha, chuige sin. Tá oifigí ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce i gcuid mhór tíortha agus tá líon mór díobh tar éis líonra láidir tacaíochta a chur ar bun i réimsí éagsúla amhail saoráidí tithíochta agus cúnamh liachta, agus é mar aidhm aige sin tacú le híospartaigh le linn phróiseas deacair an ath-lánpháirtíochta.

Is féidir mionsonraí iomlána faoin Meicníocht Náisiúnta Atreorúcháin a fháil ar www.blueblindfold.gov.ie,, áit a bhfoilsítear nósanna imeachta foirmiúla chun treoir a thabhairt d'oifigigh phoiblí le linn íospartaigh gáinneála a shainaithint agus a chosaint, mar shampla:

- Tá Ráiteas ar Róil agus ar Fhreagrachtaí [8] ann ina leagtar amach na róil agus na freagrachtaí atá ag gníomhaireachtaí Stáit agus ag Eagraíochtaí Neamhrialtasacha. Déantar cur síos sa Ráiteas ar an bpróiseas sainaitheanta, ar an raon seirbhísí agus beart cúnaimh atá ar fáil, ar fhaisnéis maidir le rochtain ar na seirbhísí sin, agus ar an ról a bhíonn ag eagraíochtaí iomchuí ag céimeanna éagsúla.
- Tá Socruithe Riaracháin Inimirce[9] ann chun bealach a chur ar fáil chun fanacht sa Stát fad a bheidh imscrúdú ar siúl ar gháinneáil i gcás íospartaigh amhrasta gáinneála Neamh-LEE nach bhfuil an cead sin acu thairis sin. D'fhéadfadh an chosaint shealadach sin teacht chun bheith ina cead maidir le buanchónaí.
- Tugann Treoir maidir le Nósanna Imeachta d'Íospartaigh Gáinneála in Éirinn[10] faisnéis d'íospartaigh gáinneála i ndáil lena gcuid ceart.

## EAGRAÍOCHTAÍ RANNPHÁIRTEACHA

Déantar comhoibriú dlúth idir na páirtithe leasmhara sa chomhrac in aghaidh na gáinneála a aithint ar bhonn idirnáisiúnta mar ghné thábhachtach de straitéis rathúil frithgháinneála. Díríonn ceithre chomhlacht Stáit tiomnaithe go díreach ar gháinneáil ar dhaoine agus ar thacaíocht d'íospartaigh.

Comhordaíonn an **Roinn Dlí agus Cirt** an beartas maidir le gáinneáil ar dhaoine in Éirinn agus oibríonn sí i gcomhar le gníomhaireachtaí eile de chuid na hÉireann agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha.

Tá **an tAonad um Imscrúdú agus um Chomhordú ar Gháinneáil ar Dhaoine** ina chuid de **Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta** agus tá oilteacht ar leith ar oifigigh de chuid an Aonaid sin maidir le gáinneáil ar dhaoine.

Soláthraíonn **an tAonad um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc** i **bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** plean cúraim ar leithligh do gach íospartach gáinneála ar dhaoine.

8

http://www.blueblindfold.gov.ie/en/BBF/Statement%20of%20Roles%20and%20Responsibilities.pdf/Files/Statement%20of%20Roles%20and%20Responsibilities.pdf

9

http://www.blueblindfold.gov.ie/en/BBF/Administrative%20Immigration%20Arrangements%20for%20the%20Protection%20of%20Victims%20of%20Human%20Trafficking%20-%20March%202011.pdf/Files/Administrative%20Immigration%20Arrangements%20for%20the%20Protection%20of%20Victims%20of%20Human%20Trafficking%20-%20March%202011.pdf

10

http://www.blueblindfold.gov.ie/en/BBF/Guide%20to%20Procedures%20June%202015.pdf/Files/Guide%20to%20Procedures%20June%202015.pdf

Soláthraíonn an **Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháthaithe agus Óige** cóiríocht bhoird iomlán agus seirbhísí coimhdeacha tríd an **tSeirbhís Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta** (SCCI) d'íospartaigh ionchasacha agus amhrasta gáinneála ar bhonn atreoraithe ón nGarda Síochána.

Fanann íospartaigh ionchasacha agus amhrasta atá san áireamh sa phróiseas tearmainn i gcóiríocht SCCI fad atá cinneadh á dhéanamh i ndáil lena n-éileamh ar thearmann nó atá san áireamh i bpróisis ghaolmhara (e.g. iarratas ar Chead chun Fanacht nó ar Chosaint Choimhdeach).

Soláthraíonn aturnaetha de chuid **an Bhoird um Chúnaimh Dlíthiúil** cúnamh dlíthiúil agus comhairle dhlíthiúil d'íospartaigh gáinneála.

Tá **Ruhama** lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus is Eagraíocht Neamhrialtasacha í a oibríonn ar leibhéal náisiúnta in éineacht le mná atá thíos le striapachas agus le cineálacha eile dúshaothraithe ghnéasaigh tráchtála. Soláthraíonn Ruhama seirbhís do mhná atá páirteach faoi láthair i striapachas ar an tsráid agus i striapachas eas-sráide, do mhná atá ag fágáil shaol an striapachais, do mhná atá ina n-íospartaigh gáinneála gnéasaí agus do mhná a raibh baint acu le striapachas roimhe seo.

Is eagraíocht náisiúnta í **Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn** agus oibríonn sí chun ceartas, cumhachtú agus comhionannas a chur chun cinn thar ceann oibrithe imirceacha agus a dteaghlach. Soláthraíonn Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn faisnéis, tathaint agus tacaíocht dhlíthiúil d'imircigh agus dá dteaghlaigh ar fud na hÉireann. Oibríonn an eagraíocht chun íospartaigh gáinneála i gcomhair dúshaothrú saothair a shainaithint, agus chun tacú leo, agus tacaíonn sí fás agus forbairt roinnt grúpaí gníomhaíochtaí a chumasaíonn d'oibrithe imirceach leochaileach a bheith ag obair le chéile agus feabhas a chur ar dhálaí oibre in earnálacha sonracha.

I measc na n-eagraíochtaí eile atá gníomhach maidir le soláthar seirbhísí d'íospartaigh gáinneála, áirítear na heagraíochtaí seo a leanas:

Oibríonn **an Chomhairle um Inimircigh in Éirinn** chun feabhsuithe a bhaint amach i dtaca le cearta agus cosaintí d'imircigh agus dá dteaghlaigh trí oibriú a dhéanamh i ndáil le beartas agus feasacht maidir le saincheisteanna a bhaineann le himirce, lánpháirtiú agus gáinneáil ar dhaoine. Tá ionad neamhspleách dlí ag an gComhairle um Inimircigh in Éirinn agus oibríonn siad líne chabhrach le haghaidh fiosruithe maidir le hinimirce.

Tá an ***Sexual Violence Centre Cork*** lonnaithe i gCorcaigh agus is eagraíocht é a oibríonn chun deireadh a chur le foréigean gnéasach sa tsochaí trí mhéadú a dhéanamh ar an bhfeasacht maidir le minicíocht, teagmhais agus dinimic an fhoréigin idirphearsanta sa tsochaí. I measc a cuid seirbhísí airítear comhairliú tacaíochta, ionadaíocht, líne chabhrach teileafóin agus Seirbhís Cóireála Ionsaí Ghnéasaigh.

Is é atá in **Doras Luimní** ná eagraíocht a oibríonn chun tacú le cearta imirceach a bhfuil cónaí orthu i Luimneach agus i réigiún an Mheániarthair i gcoitinne, agus chun cearta na ndaoine sin a chur chun cinn. Soláthraíonn an eagraíocht tacaíocht dhíreach speisialaithe d'íospartaigh gáinneála ar dhaoine agus do mhná atá ag gabháil do striapachas nó atá ag fágáil shaol an striapachais.

Is eagraíocht idirnáisiúnta í an **Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce** agus baineann a príomhfhreagracht le cúnamh a thabhairt do dhaoine maidir le filleadh ar a dtír thionscnaimh más

mian leo déanamh amhlaidh. Tugtar cúnamh do náisiúnaigh AE agus do náisiúnaigh neamh-AE araon.

## COIR NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE A CHOMHRAC


Ba sa bhliain 2021 a tharla an chéad 2 ciontú i gcionta gáinneála ar dhaoine in Éirinn. Tuigtear go maith na deacrachtaí a bhaineann le ciontuithe a fháil i gcoinne gáinneálaithe. D'ainneoin gach díchill, theip ar go leor de na hionchúisimh a tionscnaíodh le blianta beaga anuas, rud a tharla mar gheall ar chúiseanna a bhain le finnéithe. Tá an Garda Síochána ag leanúint de roinnt cásanna a shaothrú go dian ar cásanna iad a tionscnaíodh roimh an mbliain 2021 agus, sa bhliain 2021, chuir siad tús le caingne maidir le roinnt cásanna nua.

De bharr chineál idirnáisiúnta na coire seo, glacann an Garda Síochána páirt i ngníomhartha idirnáisiúnta in aghaidh gáinneála freisin, agus déantar gníomhaíocht shuntasach sa réimse seo a lua anseo thíos.

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA NÁISIÚNTA

Foilsíodh Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn a Chosc agus a Chomhrac i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus sainaithníodh 65 ghníomh ar leithligh ann chun gáinneáil a chomhrac agus chun cabhrú le híospartaigh. Bhí na gníomhartha sin bunaithe ar an bhfreagairt i leith an Chéad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta agus ar an taithí idirnáisiúnta agus intíre go dtí seo agus tá foráil ann sa dara plean maidir le tionscnaimh nua chun aghaidh a thabhairt gháinneáil ar dhaoine de gach uile chineál.

Comhlánaíonn an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta seo ár gcuid gealltanas faoi Dhara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le UNSCR 1325 maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil agus na gealltanais sin atá leagtha amach in Achoimre Oibre an Phlean Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine.




Táthar ag leanúint den obair ar chur i bhfeidhm an phlean. Tá cuid mhór de na gníomhartha curtha i bhfeidhm, tá obair ar siúl chun roinnt eile a chur i gcrích agus tá ionstraimí nua beartais á n-athbhreithniú agus á dtabhairt isteach ar bhonn tráthrialta.

# 5. MEASÚNUITHE AGUS COMHOIBRIÚ IDIRNÁISIÚNTA

## TUARASCÁIL 2021 NA STÁT AONTAITHE maidir le 'DAOINE A GHÁINNEÁIL'

Déanann Roinn Stáit na Stát Aontaithe measúnú gach bliain ar ghníomhartha de chuid tíortha ar fud an domhain chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac. Cuireann na Stáit Aontaithe tíortha i gceann amháin de cheithre leibhéal ar leith. Tá an leibhéal bunaithe ar mhéid iarrachtaí na rialtas lena mbaineann chun na caighdeáin atá socraithe le hAcht na Stát Aontaithe maidir le Cosaint Íospartach Gáinneála a chomhlíonadh ar mhaithe le deireadh a chur le gáinneáil ar dhaoine, ar caighdeáin iad atá i gcomhréir le Prótacal Palermo tríd is tríd, Is é Leibhéal 1 an rangú is airde agus is é atá sna leibhéil eile ná Leibhéal 2. Is é Leibhéal 1 an rangú is airde, agus is iad Leibhéal 2, Liosta Faire Leibhéil 2 agus Leibhéal 3 na leibhéil eile.

I dTuarascáil 2021 ar Gháinneáil ar Dhaoine[1], coinníodh Éire ar rátáil Liosta Faire Leibhéal 2. Léiríonn Liosta Faire Leibhéal 2 nach gcomhlíonann rialtas na hÉireann "íoschaighdeáin an Achta um Chosaint Íospartach Gáinneála go hiomlán ach go bhfuil iarrachtaí suntasacha á ndéanamh acu na caighdeáin sin a chomhlíonadh". Léiríonn an rangú seo na deacrachtaí a bhíonn ag Éirinn (i dteannta le tíortha eile) agus í ag iarraidh ciontuithe a fháil maidir le gáinneáil. Níl monatóireacht idirnáisiúnta eile chomh criticiúil ar an bpointe seo, rud a léiríonn tuiscint ar na deacrachtaí a thagann chun cinn maidir le hionchúisimh lasmuigh de thimpeallacht áirithe na Stát Aontaithe.

Chuir an Roinn Dlí agus Cirt in iúl go poiblí gur cúis díomá di é nár mheas Roinn Stáit na Stát Aontaithe an dul chun cinn suntasach atá déanta chun rangú na hÉireann a ardú a bheith leordhóthanach. Is é seo an cás in ainneoin forbairtí suntasacha i gcaitheamh na bliana 2020 ar bhearta chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac agus chun tacú le híospartaigh.

Cúis imní ar leith ab ea an mheasúnacht a rinneadh i ndáil leis an tionscal iascaireachta i dTuarascáil 2019 ar Gháinneáil ar Dhaoine agus a tháinig chun cinn arís i dTuarascáil 2020. Áitíonn an Roinn go láidir go ndéantar gach cúiseamh gáinneála ar dhaoine a fhiosrú go hiomlán ag an nGarda Síochána agus gurb é Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí, atá neamhspleách ar an Rialtas, a dhéanann cinntí maidir le hionchúiseamh.

Níor thángthas ar fhianaise ar bith chun tacú leis na líomhaintí maidir le gáinneáil fhorleathan ar dhaoine sa tionscal iascaireachta agus b'ábhar imní don Roinn é gur shocraigh an Roinn Stáit tábhacht nach beag a leagan ar ghuthanna áirithe gan a cheart a thabhairt do mheasúnacht páirtithe leasmhara - lena n-áirítear measúnacht ag Eagraíochtaí Neamhrialtasacha atá

[1] Tuarascáil 2021 ar Gháinneáil ar Dhaoine - Roinn Stáit na Stát Aontaithe

gníomhach in Éirinn ó thaobh gáinneáil ar dhaoine a chomhrac - gur líomhaintí gan bhunús iad seo.

Léirigh an Roinn imní freisin i dtaobh na heaspa comhsheasmhachta a bhí i gceist nuair nach raibh ach comparadóir bliain ar bhliain á chur i bhfeidhm, gan léiriú leordhóthanach a dhéanamh ar thionchar COVID-19 ar obair sa réimse seo.

## GRÚPA SANTA MARTA

Bunaíodh Grúpa Santa Marta sa bhliain 2014 agus is é atá ann ná comhghuaillíocht de phríomhoifigigh póilíneachta idirnáisiúnta agus easpaig as gach cearn den domhan atá ag obair leis an tsochaí shibhialta chun deireadh a chur le gáinneáil ar dhaoine agus le sclábhaíocht an lae inniu. Laistigh de Ghrúpa Santa Marta, tá Éire i gceannas ar Thionscadal Muirí an Atlantaigh Thuaidh a bhfuil an Ríocht Aontaithe, an Spáinn agus an Phortaingéil páirteach ann freisin. Ina theannta sin, baineann an tionscadal seo le gáinneáil ar dhaoine sa tionscal muirí san Atlantach Thuaidh.

## COMHAR TRASTEORANN

Tá údaráis na hÉireann ag obair go dlúth le comhghleacaithe forfheidhmithe dlí i dTuaisceart Éireann lena chinntiú go bhfuil cur chuige uile-oileáin againn i leith gníomhaíocht choiriúil eagraithe agus go bhfuil tiomantas ann i leith imscrúduithe trasteorann agus oiliúint trasghníomhaireachta.

Tá roinnt oibríochtaí lena ngabhann gné thrasteorann á gcur i gcrích faoi láthair ag an nGarda Síochána, ar oibríochtaí iad a bhfuil Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann páirteach iontu. Cuimsíonn na himscrúduithe ábhartha an dá eagraíocht Póilíní a dhíríonn ar Ghrúpaí Coireachta Eagraithe le naisc láidre le striapachas eagraithe agus gáinneáil ar dhaoine le haghaidh dúshaothrú gnéasach, ag oibriú ar oileán na hÉireann.

## An Tascfhórsa Comhghníomhaireachta

I Samhain 2015, chomhaontaigh rialtais na hÉireann agus na Breataine agus Feidhmeannach Thuaisceart Éireann sraith beart i Tús Nua - Comhaontú agus Plean Feidhmithe Theach Stormont, agus ar cheann de na bearta a bhí ann ná bunú Tascfhórsa Comhghníomhaireachta mar chuid d’iarracht chomhbheartaithe fheabhsaithe chun coireacht eagraithe trasdhlínse a chomhrac.

Pearsanra sinsearach laistigh den Gharda Síochana agus de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, de na Coimisinéirí Ioncaim agus de Choimisinéirí Ioncaim agus Custam na Banríona atá i gceannas an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta. Tá baint ag roinnt eagraíochtaí eile le

gníomhaíocht oibriúcháin an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta, lena n-áirítear an Biúró um Shócmhainní Coiriúla agus Gníomhaireacht Náisiúnta Coireachta na Ríochta Aontaithe.

Sainaithníodh sé (6) réimse tosaíochta do ghníomhaíocht spriocdhírithe ag na gníomhaireachtaí ábhartha, bunaithe ar mheasúnú straitéiseach riosca agus díobhála. Is é Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta atá freagrach as réimse tosaíochta na gáinneála ar dhaoine agus bíonn páirt acu i ngníomhaíocht oibriúcháin a dtugtar faoi chun dul i ngleic le coiriúlacht ábhartha áit ar sainaithníodh gné trasteorann mar chuid d'obair an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta. Is cuid den rannpháirtíocht seo cruinnithe d'ionadaithe ábhartha an Gharda Síochána a reáchtáil trí Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta agus Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

## TASCFHÓRSA INTERPOL AR GHÁINNEÁIL AR DHAOINE (ITHT)

Leanann Éire de pháirt a ghlacadh i dTascfhórsa Interpol ar Gháinneáil ar Dhaoine. Is grúpa oibre idirnáisiúnta é sin do speisialtóirí forfheidhmithe dlí atá tiomanta i leith cosc a chur ar gháinneáil ar dhaoine ar leibhéal domhanda. Trí úsáid a bhaint as faisnéis, taighde, oideachas agus foghlaim a chomhroinntear, féachann an Tascfhórsa le modhanna imscrúdúcháin a chur ar aghaidh agus a fheabhsú a mhéid a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine.

Déanann an Tascfhórsa moltaí, rúin agus cuir i láthair freisin do chomhdhálacha réigiúnacha Interpol agus dá Chomhthionól Ginearálta. Leanann Éire de bheith ag obair le Interpol lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as a Bunachair Sonraí '24 / 7', chun eolas agus faisnéis a bhaineann le cásanna áirithe a roinnt agus chun cabhrú le haonáin forfheidhmithe dlí eile, ar leibhéal idirnáisiúnta.

## An tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT)

Is tionscnamh slándála é EMPACT, an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla, arna chur chun cinn ag Ballstáit an AE chun bagairtí ó choireacht eagraithe agus thromchúiseach idirnáisiúnta a shainaithint, a chur in ord tosaíochta agus aghaidh a thabhairt orthu. Is i dtimthriallacha ceithre bliana a reáchtáiltear EMPACT. Is ionann EMPACT agus ardán comhoibrithe ildisciplíneach Ballstát, arna thacú ag gach institiúid, comhlacht agus gníomhaireacht AE (amhail Europol, Frontex, Eurojust, an Coláiste Eorpach Póilíneachta, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, EU-LISA, an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach agus eile). Tá baint ag tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha eile freisin. Is don Choimisinéir Cúnta atá sannta do Choireacht Eagraithe agus Thromchúiseach laistigh den Gharda Síochána a shanntar ról chomhordaitheoir Náisiúnta EMPACT in Éirinn.

Is réimse tosaíochta coireachta é gáinneáil ar dhaoine laistigh de EMPACT. Glacann Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta páirt sa Ghrúpa um Gháinneáil ar Dhaoine. Freastalaíonn pearsanra atá sannta do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta ar chruinnithe EMPACT a bhaineann le tionscadail maidir le gáinneáil ar dhaoine.

Ullmhaítear pleananna gnímh oibriúcháin i ndáil le gach ceann d'ábhair tosaíochta EMPACT, a bhfuil sé i gceist leo feabhas a chur ar chumas na mBallstát dul i ngleic le saincheisteanna amhail

líonraí coireachta idir-réigiúnacha taistil, bealaí gáinneála, comhar idirnáisiúnta póilíneachta, comhar breithiúnach agus oibriúcháin shonracha. Is ón gCoimisiún Eorpach, trí Europol, a chuirtear maoiniú ar fáil do thionscnaimh den sórt sin.

## Comhfhoireann Imscrúdaithe

Is éard is comhfhoireann imscrúdaithe ann ná foireann ar a bhfuil ionchúisitheoirí agus údaráis forfheidhmithe dlí, a mbunaítear í trí chomhaontú i scríbhinn idir na tíortha lena mbaineann; a oibríonn ar feadh tréimhse sheasta, ag a bhfuil cumhacht síneadh a chur léi, trí thoiliú, agus chun críocha imscrúduithe coireachta sonracha a dhéanamh i gceann de na tíortha rannpháirteacha nó níos mó ná ceann díobh.

Dar le Eurojust, tá comhfhoireann imscrúduithe ar cheann de na huirlisí is sofaisticiúla a mbaintear leas aisti ó thaobh comhoibriú idirnáisiúnta i ndáil le cúrsaí coireachta, a mbíonn comhaontú dlí i gceist léi idir údaráis inniúla in dhá Stát nó níos mó chun críocha imscrúduithe coireachta a dhéanamh. Bunaítear Comhfhoirne Imscrúduithe, ar a mbíonn ionchúisitheoirí agus údaráis forfheidhmithe dlí, mar aon le breithimh, go ceann tréimhse sheasta, go hiondúil idir 12 agus 24 mí, de réir mar is gá chun conclúidí rathúla ar imscrúduithe a bhaint amach.

Nuair atá Comhfhoireann Imscrúduithe ar bun, is féidir le comhpháirtithe faisnéis agus fianaise a roinnt go díreach, comhoibriú a dhéanamh i bhfíor-am agus oibríochtaí a chur i gcrích i gcomhar. Anuas air sin, trí Chomhfhoireann Imscrúduithe a úsáid, cumasaítear do chleachtóirí a bheith i láthair fad atá bearta imscrúdaithe ar bun i gcríocha a chéile, agus ar an gcaoi sin, cumasaítear dóibh a gcuid saineolais theicniúil agus acmhainní daonna a roinnt ar bhealach níos éifeachtaí. De bharr teagmháil agus cumarsáid dhíreach, cumasaítear do bhaill na Comhfhoirne Imscrúduithe caidrimh phearsanta agus iontaobh a chothú, a mbíonn comhoibriú níos sciobtha agus níos éifeachtaí mar thoradh air sin.

Ghlac an Garda Síochána páirt ina chéad Chomhfhoireann Imscrúduithe i Samhain 2019, agus ghlac sé páirt i roinnt mhaith Comhfhoirne Imscrúduithe ó shin, a raibh gné gáinneála ar dhaoine i gceist le ceann amháin díobh ar a laghad.

Ba faoi Airteagal 20 den Dara Prótacal Breise a ghabhann leis an gCoibhinsiún Eorpach ar Chúnamh Dlí Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla a bunaíodh na Comhfhoirne Imscrúduithe thuasluaite. Tugadh éifeacht don Dara Prótacal Breise i ndlí na hÉireann roimhe seo.

Rinneadh tuilleadh socruithe i ndáil le cúnamh frithpháirteach agus chun rannpháirtíocht comhaltaí an Gharda Síochána i gComhfhoirne Imscrúduithe a éascú níos fearr i reachtaíocht i ndiaidh sin, lena n-áirítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Comhar Idirnáisiúnta) 2019.

## Barántas Gabhála Eorpach (BGE)

Suas go dtí an bhliain 2004, ba é an tAcht um Eiseachadadh, 1965, agus an t-acht sin amháin a foráladh bunús dlí d'eiseachadadh sa Stát seo. Ón mbliain 2004 i leith, déantar daoine a thabhairt suas idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh ar bhonn an Achta um Barántas Gabhála Eorpach, 2003, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2004. Tá eiseachadadh ó Stáit neamh-AE faoi fhorálacha Acht 1965

fós.

Is nós imeachta tabhartha suas breithiúnach simplithe trasteorann é an Barántas Gabhála Eorpach (BGE) a chuirtear i bhfeidhm i ngach Ballstát den Aontas Eorpach. Eisíonn údarás breithiúnach sa chéad Bhallstát (an Ballstát eisiúna) chuig údarás breithiúnas sa dara Ballstát (an Ballstát forghníomhaitheach) chun críocha ionchúiseamh coiriúil nó pianbhreithe coimeádta a chur i ngníomh.

Tá an BGE, a tugadh isteach in Eanáir 2004, bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus bunaithe ar iontaoibh agus teagmháil dhíreach i measc údaráis bhreithiúnacha na mBallstát. Tagann an ionstraim seo in áit uirlisí eiseachadta a bhí ann roimhe seo a raibh rannpháirtíocht pholaitíochta ag teastáil ina leith, agus bíonn nósanna imeachta níos tapúla agus níos simplí i dtaobh tabhairt suas i gceist mar thoradh uirthi trí theorainneacha ama dochta a shocrú i leith daoine a bhfuil amhras fúthu agus daoine ciontaithe a thabhairt suas, trí fhoirm chaighdeánach anois a chur ar fáil do chleachtóirí agus trí fhéidearthachtaí teoranta a bhunú i ndáil le diúltú ón Stát forghníomhaitheach.

## LÍONRA AE RAPÓIRTÉIRÍ NÁISIÚNTA NÓ SÁSRAÍ COIBHÉISEACHA AR GHÁINNEÁIL AR DHAOINE

Freastalaíonn oifigigh shinsearacha na Roinne Dlí agus Cirt ar chruinnithe de Líonra AE Rapóirtéirí Náisiúnta agus Meicníochtaí Coibhéiseacha (RNMC). Déanann na RNMCanna measúnuithe ar threochtaí na gáinneála ar dhaoine, agus déanann siad torthaí na ngníomhartha frith-gháinneála a thomhas, lena n-áirítear staitisticí a bhailiú i ndlúthchomhar le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta atá gníomhach sa réimse seo, agus tuairisciú a dhéanamh. Féachann an líonra le cur chuige straitéiseach nua AE a fhorbairt i gcoinne gáinneála ar dhaoine trí chur chuige cuimsitheach a chur i bhfeidhm, lena mbainfí cosc, íospartaigh a chosaint, ionchúiseamh agus ciontú gáinneálaithe. I measc na mbeart a pléadh ar leibhéal Eorpach chun tacú níos fearr le cur i bhfeidhm na Treorach Frith-gháinneála sna Ballstáit, go háirithe i gcomhthéacs trasteorann, bhí:

- Tacaíocht agus cosaint íospartach;
- Forfheidhmiú an dlí agus caingean breithiúnach agus comhar i gcoinne na coire;
- An choir a chosc ó tharlú

I measc na n-ábhar eile a pléadh bhí laghdú ar an éileamh a chothaíonn gáinneáil, éifeachtacht na reachtaíochta reatha, an tsamhail choiriúil a bhriseadh chun íospartaigh gáinneála a sholáthar le haghaidh dúshaothraithe agus na híospartaigh, go háirithe mná agus leanaí, a chosaint agus a chumhachtú.

## COMHORDAITHEOIRÍ NÁISIÚNTA FRITHGHÁINNEÁLA AGUS RAPÓIRTÉIRÍ

D'fhreastail ball den Roinn Dlí agus Cirt go fíorúil ar chruinniú bliantúil na gComhordaitheoirí Náisiúnta Frith-Gháinneála agus Rapóirtéirí nó Meicníochtaí Coibhéiseacha a chomh-eagraíonn

Comhairle na hEorpa agus An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip. Is ardán iad na cruinnithe seo chun comhoibriú trasteorann agus comhpháirtíochtaí bríocha a thógáil agus ról lárnach a imirt i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm freagraí náisiúnta in aghaidh gáinneála.

## AN LÍONRA EORPACH MAIDIR LE CEARTA ÍOSPARTACH (LECÍ)

Freastalaíonn baill den Roinn Dlí agus Cirt ar chruinnithe agus ar cheardlanna de chuid an Líonra Eorpaigh maidir le Cearta Íospartach (LECÍ) a chlúdaíonn raon leathan ábhar dírithe ar íospartaigh. Is comhar é an LECÍ idir saineolaithe Ballstát atá ag obair faoi rialú údaráis inniúla rialtais atá freagrach as cearta íospartaigh, ó gach Ballstát den AE. Is é príomhaidhm an LECÍ bunachar eolais inbhuanaithe a fhorbairt go háirithe do ghairmithe agus do lucht déanta beartas atá ag gníomhú sa réimse chun tacú le híospartaigh na coireachta agus iad a chosaint, lena n-áirítear íospartaigh gáinneála.

# 6. DUL CHUN CINN SA BHLIAIN 2021 - TIONSCADAIL FAOIN bPLEAN GNÍOMHAÍOCHTA NÁISIÚNTA

Le bliain anuas, tá bearta suntasacha curtha chun cinn chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, chun cur chuige a fhorbairt i leith íospartaigh a shainaithint agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh ina mbeadh an t-íospartach níos lárnaí, agus chun oiliúint a chur ar fáil. Áirítear ar na buaicphointí:

- Rinneadh na chéad chiontuithe i ngáinneáil ar dhaoine
- Méadú suntasach ar an líon iomlán comhad arna bhfáil ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le roinnt blianta anuas
- Cead Rialtas na hÉireann chun Sásra Náisiúnta Tarchuir athbhreithnithe a chruthú ionas go mbeadh sé níos éasca d'íospartaigh gáinneála teacht chun tosaigh, go mbeadh sí níos éasca iad a aithint agus go mbeadh sí níos éasca teacht a bheith ag na híospartaigh sin ar thacaíocht.
- Tá obair tosaithe ar fhorbairt Plean Gnímh Náisiúnta nua
- Tá athbhreithniú ar bun ar Scéim Oibre Neamhthipiciúil d'Iascairí; athdhearbhaíonn Éire na húdair imní atá aici maidir leis na barúlacha ar glacadh leo i dtaobh an tionscail iascaireachta anseo
- Tá an Rialtas ag leanúint de mhaoiniú a chur ar fáil chun tacú le híospartaigh gáinneála agus le seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh. Leithdháileadh €4,104m chuig na heagraíochtaí seo in 2021 trí an Scéim Maoiniúcháin d'Íospartaigh na Coireachta agus beidh buiséad €4,889m i gceist leis in 2022
- Sheol an Roinn Dlí agus Cirt Cairt na nÍospartach atá athbhreithnithe agus nuashonraithe; tá Feachtais Múscailte Feasachta maidir le Cearta Íospartach á fhorbairt faoi láthair agus tá maoiniú deonaithe chun gníomhaíochtaí múscailte feasachta maidir le cearta íospartach a leathadh in 2022
- Tá athbhreithniú ar an Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017, ar siúl faoi láthair agus tá sé le bheith críochnaithe faoi dheireadh na bliana 2022
- Tá leasú reachtaíochta á dhréachtú faoi láthair laistigh den Roinn Dlí agus Cirt, leasú reachtaíochta lena ndéanfar foráil do scriosadh na gciontuithe a bhain le díol na seirbhísí gnéis

## Imscrúduithe agus Ionchúisimh

Tugadh na chéad chiontuithe maidir le gáinneáil ar dhaoine sna cúirteanna sa bhliain 2021 agus tugadh pianbhreitheanna suntasacha i gCúirt Chuarda Choiriúil an Mhuilinn Chearr an 28 Meán Fómhair do na coireanna sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, gur aithníodh ceathrar (4) íospartach gáinneála ar dhaoine le linn an imscrúdaithe ábhartha, íospartaigh ar tógadh amach as cúinsí ina mbeidís leochaileach iad agus ar cuireadh tacaíochtaí cuí ar fáil dóibh.

Tá méadú suntasach ar an líon iomlán comhad, a fuair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ó bhí an bhliain 2018 ann. Tháinig méadú 37% ar an líon iomlán comhad a fuarthas ón mbliain 2018 go dtí an bhliain 2021. Tharla an méadú is suntasaí idir na blianta 2019 agus 2020 nuair a bhí méadú 27% sa líon comhad ionchúisimh a fuarthas. Tá anailís chruinn ar na figiúirí don bhliain 2021 fós le tabhairt chun críche ach tá sé soiléir go bhfuil an líon comhad fós thart ar an leibhéal céanna i ndiaidh an mhéadaithe shuntasaigh sin.

## Sásra Náisiúnta Tarchuir (SNT) athbhreithnithe

Cheadaigh Rialtas na hÉireann Sásra Náisiúnta Tarchuir (SNT) athbhreithnithe a chruthú an 11 Bealtaine 2021 ionas go mbeadh sé níos éasca d'íospartaigh gáinneála teacht chun tosaigh, go mbeadh sí níos éasca iad a aithint agus go mbeadh sí níos éasca teacht a bheith ag na híospartaigh sin ar thacaíocht.

I láthair na huaire, is é an Garda Síochána an t-aon údarás inniúil chun críocha íospartaigh gáinneála ar dhaoine a shainaithint. Beidh na gníomhaireachtaí seo a leanas, chomh maith leis an nGarda Síochána, ina n-údaráis inniúla chun íospartaigh gáinneála ar dhaoine a shainaithint:

- Seirbhísí Inimirce na Roinne Dlí agus Cirt
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- FSS
- Tusla
- Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta (SCCI) na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
- An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Tiocfaidh na gníomhaireachtaí le chéile chun Coiste Oibriúcháin an Shásra Náisiúnta Tarchuir a bhunú, ar a ndéanfar cinntí maidir le ainm íospartach a chur ar an SNT. Chomh maith leis sin, ainmneofar ENRanna áirithe mar 'pháirtithe dílse' agus beidh siadsan in ann íospartaigh a chur ar aghaidh chuig an SNT freisin. Leis sin, beidh conair mhalartach dhílis i gceist chun rochtain a bheith ar fáil ar an SNT, taobh amuigh de ghníomhaireachtaí Stáit. Leagfar amach critéir roghnúcháin an ENR sa reachtaíocht agus, go bunúsach, bainfidh sé le hoibleagáidí gar-bhreithiúnacha agus díchill chuí pháirtithe uile an SNT a chomhlíonadh.

Tá an fheidhm Reachtaíochta Coiriúla laistigh den Roinn Dlí agus Cirt i mbun Scéim Ghinearálta don reachtaíocht a dhréachtú faoi láthair chun an SNT a chur ar bhonn reachtaíochta. Tá obair mhionsonraithe shuntasach le déanamh freisin chun nósanna imeachta oibriúcháin a fhorbairt lena dtabharfar treoir d'obair na n-údarás inniúil sa SNT athbhreithnithe. Tá an Roinn tiomanta d'obair a dhéanamh ar na mionsonraí uile, agus meon comhoibríoch aici, le Ranna, gníomhaireachtaí agus le príomhpháirtithe an ENR.

# Plean Gnímh nua maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Fhorbairt

Áiríodh i bPlean Gnímh na Roinne Dlí agus Cirt don bhliain 2021 gníomh chun obair a dhéanamh leis an earnáil phoiblí agus páirtithe leasmhara sochaí sibhialta chun na próisis agus an creat reachtaíochta atá againn a athbhreithniú agus a neartú chun gáinneála ar dhaoine a chomhrac.

Mar chuid den rannpháirtíocht sin, bhunaigh an Roinn Dlí agus Cirt foghrúpa den Fhóram um Gháinneáil ar Dhaoine le comhaltas ENR. Cuireadh de chúram ar an bhfoghrúpa an Plean Gnímh atá ann cheana a scrúdú agus tuairim a chur in iúl maidir leis an luach atá le Plean Gnímh nua agus uasdátaithe a fhorbairt ina áit.

In Aibreán na bliana 2021, fostaíodh sainchomhairleoir chun anailís ghearr agus dhírithe a dhéanamh ar staid reatha na gáinneála ar dhaoine in Éirinn. Áiríodh san anailís achoimre ar shaincheisteanna a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine ar cheart aghaidh a thabhairt orthu sa Phlean Gnímh Náisiúnta nua agus ceachtanna atá le cur i bhfeidhm ó phleananna gnímh a bhí ann roimhe seo agus ó thaithí eile ábhartha sa tír seo agus go hidirnáisiúnta.

Cuireadh an anailís i láthair don fhoghrúpa den Fhóram Páirtithe Leasmhara um Gháinneáil ar Dhaoine agus ba é comhaontú an ghrúpa gur cheart Plean Gnímh Náisiúnta nua a fhorbairt seachas an plean reatha a athbhreithniú. I bhfianaise na bhforbairtí a tharla ó bhí an Dara Plean Gnímh Náisiúnta ann sa bhliain 2016, tuigtear don fhoghrúpa agus don Roinn go mbaineann fíorluach le Plean Gnímh Náisiúnta nua a fhorbairt anois agus an plean sin a cheangal leis an obair atá á déanamh maidir le Sásra nua Náisiúnta Tarchuir a fhorbairt.

Tá go leor spriocanna ábhartha agus fiúntacha sa phlean gnímh reatha ach forbraíodh roinnt cuir chuige leathana uile-Eorpacha le blianta beaga anuas maidir le dul i ngleic le gáinneáil agus cuirfear é sin san áireamh go háirithe;

- Aitheantas níos mó a thabhairt don ghné inscne a bhaineann le gáinneáil agus freagairtí saincheaptha inscne.
- Béim níos mó a chur ar íospartaigh shainaitheanta a imeascadh seachas aghaidh a thabhairt ar an gcoireacht láithreach féin amháin.

Foilseofar an Plean Gnímh nua faoi dheireadh na bliana 2022. Tá tacaíocht gach Ranna agus Gníomhaireachta leis seo ríthábhachtach agus déanfar comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus comhairliúchán poiblí chomh maith.

# Athbhreithniú ar Scéim Oibre Neamhthipiciúil d’Iascairí

I gcomhréir le dea-chleachtas, rinneadh athbhreithniú ar oibriúchán na Scéime Neamhthipiciúla d’Iascairí sna blianta 2021 agus 2022. Socraíodh leis an athbhreithniú tras-Rannach cibé ar cheart leanúint leis an scéim san fhoirm atá ann faoi láthair nó san fhoirm leasaithe nó cibé an bhfuil meicníocht níos feiliúnaí ann chun oibrithe neamh-LEE a fhostú ar árthaí incháilithe faoin scéim

reatha.

Scrúdaíodh na nithe seo a leanas san athbhreithniú:

- Aon tráchtaireacht a rinneadh maidir leis an scéim le blianta beaga anuas a bhreithniú, lena n-áirítear líomhaintí maidir le gáinneáil ar dhaoine
- Comhairliúchán le páirtí leasmhara ábhartha
- Scrúdú a dhéanamh ar fhairsinge an riachtanais do Náisiúnaigh neamh-LEE dul ag obair ar árthaí incháilithe faoin scéim reatha

Déantar ionadaíocht don Roinn Dlí agus Cirt; don Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara; don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta sa ghrúpa athbhreithnithe. Chuir an grúpa athbhreithnithe tuarascáil achomair i dtoll a chéile ina bhfuil torthaí agus moltaí agus tá oifigigh shinsearacha á breithniú anois.

## Soláthar maoinithe Eagraíochtaí Neamhrialtasacha le linn na bliana 2021

Is gné ríthábhachtach den troid i gcoinne gáinneála ar dhaoine é réitigh fhéideartha a aithint trí bheith ag obair le comhpháirtithe ENR a oibríonn le hearnálacha atá i mbaol sa gheilleagar agus le daoine leochaileacha. Tá na comhpháirtithe neamhbhrabúis seo ag brath ar mhaoiniú ón Stát chun a gcuid oibre sa réimse seo a dhéanamh. Déanann an Roinn Dlí agus Cirt measúnú na n-iarratas ó ENRanna ar mhaoiniú na Roinne Dlí agus Cirt a bhainistiú fad a dhéanann sí monatóireacht ar chur i bhfeidhm na gComhaontuithe Leibhéal Seirbhíse.

Tá an Rialtas ag leanúint de mhaoiniú a chur ar fáil chun tacú le híospartaigh gáinneála agus le seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh. Leithdháileadh €4.104m chuig na heagraíochtaí seo in 2021 tríd an Scéim Maoiniúcháin d'Íospartaigh na Coireachta agus beidh buiséad €4.889m ag an Scéim in 2022. Chomh maith leis sin, leithdháileadh €5.348m d'fheachtais múscailte feasachta (FMFanna) sa bhliain 2021 maidir le cearta na n-íospartach agus na cosaintí atá ar fáil d'íospartaigh. Bronnadh €1,091,655 go sonrach ar eagraíochtaí Frith-Gháinneála ar Dhaoine.

Tá seirbhísí den sórt sin ag leanúint d'eolas agus tacaíocht thábhachtach a chur ar fáil d'íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear tacaíocht mhothúchánach, coimhdeacht a dhéanamh ar dhuine chun cúirte, chun agallaimh an Gharda Síochána, agus chun aonaid chóireála maidir le hionsaí gnéis, comhairleoireacht agus atreorú chuig seirbhísí eile. I measc sheirbhísí íospartach a fhaigheann maoiniú, tá seirbhísí straitéiseacha amhail Líne Chabhrach Íospartaigh na Coireachta, Tacaíocht i ndiaidh Seirbhísí Coireachta agus Tacaíocht d'Íospartaigh sa Chúirt chomh maith le sainseirbhísí.

Leithdháil an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €250,000 ó Phlean Gnímh na gCuntas Díomhaoin don bhliain 2020 le haghaidh iarrachtaí frith-gháinneála ar dhaoine chun tacú le;

- Tionscadail tacaíochta íospartach lena dtugtar aghaidh ar riachtanais íospartaigh gáinneála ar dhaoine nó riachtanais daoine atá leochaileach do gháinneáil ar dhaoine

- Tionscadail lena n-ardaítear feasacht ar shaincheist na gáinneála ar dhaoine

Fuarthas iarratais ó ENRanna agus ó pháirtithe leasmhara san earnáil frith-gháinneála ar dhaoine le haghaidh tacaíocht airgeadais do thionscnaimh a dhírítear ar feasacht a mhúscailt agus ar oiliúint a chur ar fáil d'fhoireann túslíne, stát, údarás áitiúil agus an tsochaí shibhialta maidir le gáinneáil ar dhaoine - na nithe ar cheart a bheith ag faire amach dóibh, na nithe atá le déanamh, an áit a bhfaighidh tú cabhair. Ceadaíodh maoiniú d'Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn, don Chomhairle um Inimircigh in Éirinn, do Ruhama, do MECPATHS agus do Dhoras chun;

- Feachtas feasachta náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, feachtas dar teideal "Striapachas: Ní Ghlacann Muid Leis"
- Acmhainní faisnéise agus oiliúna a fhorbairt i ndáil le feasacht ar Gháinneáil ar Dhaoine le haghaidh dúshaothrú saothair.
- Modúil oiliúna tosaigh agus ard-oiliúna ar líne maidir le feasacht a mhúscailt ar gháinneáil ar dhaoine in Éirinn a fhorbairt agus a sheachadadh agus
- Acmhainní oiliúna agus faisnéise maidir le feasacht a mhúscailt ar gháinneáil ar dhaoine atá dírithe ar bhaill foirne túslíne agus ar oibrithe deonacha a fhorbairt agus a sheachadadh.

Tá sonraí thíos maidir le maoiniú leithdháilte na Roinne Dlí agus Cirt d'ENRanna agus do pháirtithe leasmhara san earnáil frith-gháinneála ar dhaoine. I gcásanna áirithe, áirítear leis sin maoiniú chun comhairle dlí a sholáthar i gcás nach mian leis an íospartach a bheith i dteagmháil le comhlacht Rialtais.

| **Maoiniú na Roinne Dlí agus Cirt** | |
|---|---|
| Ruhama lena n-áirítear COVID | €609,868 |
| Slí amach Ruhama Conairí | €27,620 |
| Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn | €83,500 |
| Tionscadal II na Seirbhíse Eadrána Cultúir don Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce | €250,000 |
| An Chomhairle um Inimircigh in Éirinn | €90,667 |
| **Maoiniú an Chuntais Dhíomhaoin** | |
| An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce | €30,000 |
| Iomlán | €1,091,655 |

## Cairt na nÍospartach agus Feachtais Múscailte Feasachta na

## nÍospartach

Sheol an Roinn Dlí agus Cirt, Cairt na nÍospartach atá leasaithe agus uasdátaithe an 4 Feabhra 2021 agus cuireadh san áireamh nuashonruithe a rinneadh ar an gCairt atá ann cheana, nuashonruithe a raibh gá leo mar gheall ar an Acht um an Dlí Coiriúil, (Íospartaigh na Coireachta), 2017, a bhfuil baint ag gníomhaireachtaí áirithe léi, agus a thiocfaidh i bhfeidhm de bhun an Achta sin. Tá leasú de dhíth ar an gCairt freisin, atá ina cáipéis threorach d'íospartaigh na coireachta, chun nuashonruithe ábhartha ar bith eile atá ag teastáil i láthair na huaire d'fhonn an Chairt a nuachóiriú a chur san áireamh. Tá an chairt iomlán ar fáil ag www.victimscharter.ie.

Cruthaíodh sócmhainní priontáilte agus sócmhainní digiteacha agus dáileadh iad chuig láithreacha poiblí ar fud na tíre agus ar líne. Leantar leis an obair chun sócmhainní eile a chruthú, agus déanfar cuid acu a aistriú go Gaeilge agus go teangacha eile a labhraítear go forleathan in Éirinn, sula ndáilfear iad.

Tá Feachtas Múscailte Feasachta maidir le Cearta Íospartach á fhorbairt agus deonaíodh maoiniú chun cuir le gníomhaíochtaí múscailte feasachta maidir le cearta íospartach sa bhliain 2022 le dhá thionscnamh nua:

1. Chun obair a dhéanamh le seirbhísí a thacaíonn le híospartaigh na coireachta chun na seirbhísí atá acu a chur chun cinn sa cheantar;
2. Chun teachtaireachtaí a chur amach a bhfuil sé i gceist leo pobail imeallaithe a shroicheadh.

Reáchtáladh an chéad imeacht d'Fhóram nua Bliantúil na nÍospartach do ghrúpaí stáit, sóisialta agus pobail i Márta na bliana 2022. Áireofar sna topaicí a bheidh i gceist amach anseo ábhair a bhaineann le hurlabhraithe atá ar son chearta íospartach agus leis an gcóras ceartais choiriúil agus tabharfar cuireadh d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha atá maoinithe faoi scéim deontais na Roinne d'Íospartaigh na Coireachta.

## Athbhreithniú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017

Achtaíodh an Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017 an 22 Feabhra 2017. Leis an Acht, déantar dlíthe chun dhúshaothrú gnéasach agus mhí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac a fheabhsú agus a nuashonrú, lena n-áirítear cionta nua maidir le mealltóireacht ghnéasach leanaí agus cionta nua agus neartaithe chun aghaidh a thabhairt ar phornagrafaíocht leanaí. Leis an Acht, déantar coir as bheith ag ceannach seirbhísí gnéis, tugtar isteach forálacha nua i dtaca le híospartaigh ag tabhairt fianaise i dtrialacha maidir le cionta gnéasach agus tugtar isteach cion nua chun dul i ngleic le mígheanas poiblí. Áirítear ar fhorálacha eile an aois toilithe maidir le gníomhaíocht ghnéasach a choinneáil ag 17 mbliana d'aois agus cosaint nua maidir le "cóngaracht na haoise" chomh maith le ráiteas reachtúil an dlí maidir le toiliú do ghníomhaíochtaí gnéasacha.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an bhforáil seo faoi láthair. Measadh go mbeadh an t-athbhreithniú curtha i gcrích sa bhliain 2021, ach anois meastar go mbeidh sé curtha i gcrích faoi

dheireadh na bliana 2022. Chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht chur i bhfeidhm an Achta, cuirfear comhairle ar fáil leis an athbhreithniú i dtaobh tuilleadh gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun na daoine sin a bhfuil baint acu le trádáil an ghnéis a chosaint.

Ó tugadh isteach an Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017, acht lenar díchoiríodh díolachán gnéis, tá sé níos éasca íospartaigh ionchasacha gáinneála ar dhaoine sna cásanna seo a aithint agus tá neamh-phionós do na híospartaigh sin cumhdaithe sa dlí.

## Scriosadh na gCionta Striapachais

Tá leasú reachtaíochta á dhréachtú faoi láthair laistigh den Roinn Dlí agus Cirt lena ndéanfar foráil do scriosadh na gciontuithe a bhain le díol seirbhísí gnéis a fuarthas sula ndearnadh leasú reachtaíochta ábhartha sa bhliain 2017. Tá an tionscnamh seo á chur chun cinn toisc go n-aithnítear go bhféadfadh daoine a ciontaíodh maidir le díol na seirbhísí gnéis a bheith ina n-íospartaigh gáinneála ar dhaoine. Tabharfar an leasú seo chun críche i ndiaidh thorthaí athbhreithniú Alt 7(2) lena chinntiú go léireofar aon athrú atá molta uaidh sin freisin.

## An tAonad Imscrúdaithe um Striapachas Eagraithe

Tá Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta, a bunaíodh go foirmiúil i mí Feabhra na bliana 2021, an tAonad Imscrúdaithe um Striapachas Eagraithe, chun póilíneacht a dhéanamh ar gach gné a bhaineann le coiriúlacht eagraithe laistigh de thrádáil an ghnéis, lena n-áirítear reachtaíocht a chur i bhfeidhm chun coir a dhéanamh de sheirbhísí gnéis a cheannach.

Tá an tAonad Imscrúdaithe um Striapachas Eagraithe, ar ar tugadh *Operation Quest* roimhe seo agus a d'fheidhmigh faoin ainm sin, ceangailte le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta, faoin gCoimisinéir Cúnta, Coireacht Eagraithe agus Thromchúiseach atá lonnaithe ar Chearnóg Fhearchair.

Neartaítear tiomantas an Gharda Síochána le bunú an aonaid speisialaithe seo chun daoine leochaileacha a chosaint, lena n-áirítear íospartaigh gáinneála ar dhaoine a bhfuil baint acu le striapachas in Éirinn. Bainfear sin amach trí aghaidh a thabhairt ar bhuíonta coireachta a bhfuil baint acu le striapachas eagraíochta, trí dhíriú ar an éileamh ar striapachas agus trí na daoine sin a gáinneáladh chun dúshaothrú gnéasach a dhéanamh orthu a chosaint. Tá an tAonad ag díriú go gníomhach ar striapachas eagraithe agus ar choimeád tithe striapachais.